BILEOG GNÍOMHAÍOCHTAÍ – COMHIONANNAS DO CHÁCH

Activity 5

Úsáid an Bhileog Gníomhaíochtaí seo i dteannta Folláine do Dhaoine agus don Phláinéad, an iris do dhaltaí atá le fáil i bhfoirm páipéir agus ar líne ar an láithreán gréasáin **ourworldirishaidawards.ie**

FOCAIL/TÉARMA CASTA (leathanach 6)

Ag obair le cara leat, meaitseáil na focail/frásaí casta a bhfuil cló trom orthu ar an leathanach seo leis an sainmhíniú ceart.

Tá péire déanta againn chun cabhrú leat. Má bhíonn tú i bponc, féach conas a úsáidtear na focail sin i scéal Mary Joseph.

	FOCAIL CHASTA		SAINMHÍNITHE
1	faoi mhíbhuntáiste	A	airgead ó rialtas nó ó eagraíocht, le haghaidh obair shonrach go hiondúil
2	Cúnamh Éireann	B	íocaíocht rialta airgid le daoine ar thuarastal nó ar ioncam íseal, nó nach bhfuil tuarastal ná ioncam ar bith acu
3	maoiniú	C	cúinsí inar lú an seans go n-éireodh go maith le duine
4	Concern Worldwide	D	suim airgid aonuaire chun gnólacht a bhunú nó a mhéadú
5	bochtaineacht	E	nuair nach bhfuil go leor airgid ag duine chun a riachtanais bhunúsacha a chomhlíonadh maidir le bia, uisce, oideachas agus cúram sláinte
6	tacaíocht ioncaim	F	clár cúnaimh Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear
7	aistriú caipitil	G	eagraíocht neamhrialtasach (nó carthanas) Éireannach a bhíonn ag obair sa Mhaláiv agus in áiteanna eile agus a bhíonn ag saothrú chun feabhas a chur ar an gcomhionannas inscne agus ag tacú le daoine éalú ón mbochtaineacht

1	2	3	4	5	6	7
	F		G			

Freagraí ag bun leathanach 7.